



## Video title: 5 Phríomhriosca atá ag bagairt ar Thomhaltóirí Seirbhísí Airgeadais

Cad iad na príomhrioscaí atá ag bagairt ar thomhaltóirí seirbhísí airgeadais?

Tá cúig phríomhriosca aitheanta ag Banc Ceannais na hÉireann ar gá do ghnólachtaí airgeadais gníomhú ina leith d'fhonn tomhaltóirí a chosaint.

### 1. Droch-chleachtais ghnó agus lag-phróisis ghnó

Ní mór do ghnólachtaí seirbhísí ardchaighdeáin a cheapadh agus a sholáthar chun freastal ar riachtanais tomhaltóirí.

### 2. Faisnéisiú neamhéifeachtach do thomhaltóirí

Ní mór do ghnólachtaí eolas soiléir a chur ar fáil chun cabhrú le tomhaltóirí cinntí eolasacha a dhéanamh.

### 3. Tírdhreach oibríochtúil atá ag athrú

Ní mór do ghnólachtaí déileáil le hathruithe, fad a choinneoidh siad leasanna tomhaltóirí i gcroílár a gcinntí tráchtála.

### 4. Rioscaí a bhaineann le Teicneolaíocht

Ní mór do ghnólachtaí na deiseanna a chuireann an teicneolaíocht ar fáil do thomhaltóirí a chur san áireamh - agus na rioscaí a mhaolú.

### 5. Samhlacha athraitheacha gnó

Má athraíonn gnólachtaí an chaoi ina ndéanann siad a ngnó, ní mor dóibh déanamh amhlaidh ar mhodh atá freagrach, trédhearcach agus cóir.

[Colm Kincaid, An Stiúrthóir ar Chosaint Tomhaltóirí, Banc Ceannais na hÉireann]



Tá ról riachtanach ag seirbhísí airgeadais inár saol agus sa chaoi ina mbíimid ag ullmhú don todhchaí.

Tá dualgas ar ghnólachtaí rialáilte na seirbhísí sin a chur ar fáil ar mhodh a chosnóidh leasanna tomhaltóirí.

Inár dTuarascáil Ionchais um Chosaint Tomhaltóirí, leagaimid amach cúig phríomhriosca do chosaint tomhaltóirí, mar aon lena bhfuilimid ag súil leis i leith na rioscaí sin ó na gnólachtaí a bhíonn á rialáil againn.

Agus anois tá do thuairimí uainn.

An bhfuil tú ar aon intinn linn maidir leis na saincheisteanna atá aitheanta againn?

An bhfuil rioscaí nó saincheisteanna eile ann, dar leat?

Féach ar an tuarascáil, le do thoil, agus déan teagmháil linn.

Beidh tionchar ag an aiseolas seo ar ár n-obair sna blianta atá romhainn agus ar na hionchais a leagfaimid síos do na gnólachtaí a bhíonn á rialáil againn.

**Tuilleadh eolais:** [centralbank.ie/cosainttomhaltoiri](https://www.centralbank.ie/cosainttomhaltoiri)